



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

PLEAN STRAITÉISEACH 2020-2024



**#GráTaighde
Éireann**

Clár na nÁbhar

Ón Aire Stáit	03
Ón gCathaoirleach	05
Réamhrá	06
Ról ar leith na Comhairle um Thaighde in Éirinn	07
Ag cur leis na héachtaí atá bainte amach againn go dtí seo	08
Forbairt an phlean straitéisigh seo	10
Ár sainordú, ár bhfís, ár misean agus ár luachanna	11
Spriocanna straitéiseacha agus príomhbhearta, 2020-2024	15
An straitéis a fhíorú: cumasóirí bunriachtanacha	26
Cistiú agus acmhainní	26
Bonn reachtúil	26
An chéad straitéis náisiúnta eile don taighde agus nuálaíocht	27
Cur i bhfeidhm na straitéise	27

Aithnítear i dtionscnaimh
faoi stiúir an Rialtais
an tábhacht a bhaineann
leis an taighde chun
rath agus iomaíochas
na hÉireann a chothú
san Eoraip agus ar fud
an domhain.

Ón Aire Stáit



Tá cáil tarraingthe ag Éirinn uirthi féin as barr feabhais sa taighde agus san fhorbairt.

Is croílár an dul chun cinn sin iad taighdeoirí cumasacha, gníomhaireachtaí cistithe tiomnaithe amhail an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), agus an pobal taighde i gcoitinne.

Is é *Nuálaíocht 2020*, straitéis cúig bliana na hÉireann d'eolaíocht, teicneolaíocht, taighde agus forbairt, a thug treoir dár n-iarrachtaí náisiúnta. Leagadh amach ann plean oibre chun ár bhfís a bheith inár gceannairí domhanda nuálaíochta a chur i ngníomh, agus, chuige sin, díriodh ar fheabhas ár dtaighde, forbairt ár ndaoine cumasacha, agus tionchar ár n-infheistíochta.

Agus muid ag breathnú ar an am atá le teacht agus ar an gcéad straitéis náisiúnta eile, is iad na héachtaí atá bainte amach againn le blianta beaga anuas a chuirfidh bonn faoin dul chun cinn is gá dúinn a dhéanamh amach anseo.

Tá gealltanais déanta ag an Rialtas go gcuirfidh sé na hacmhainní agus an tacaíocht ar fáil dúinn a theastaíonn le go bhfanfaimis ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an taighde, an nuálaíocht agus an fhorbairt sa ré seo ina bhfuil an teicneolaíocht ag athrú go tapa. Aithnítear i dtionscnaimh faoi stiúir an Rialtais, idir *Tionscadal Éireann 2040* agus *Poist sa Todhchaí – Éire 2019*, an tábhacht a bhaineann leis an taighde chun rath agus iomaíochas na hÉireann a chothú san Eoraip agus ar fud an domhain.

D'fhonn na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach d'Éirinn agus don earnáil taighde, teastaíonn comhar láidir leanúnach idir an earnáil tionscail, an saol acadúil, gníomhaireachtaí stáit agus páirtithe leasmhara eile nach iad. Sna blianta atá amach romhainn, táim ag súil go mór go leanfaidh ár bpobal taighde de thalamh úr a bhriseadh – agus iad ag obair go dlúth leis an IRC chun bealaí nua comhoibrithe a aimsiú agus chun teorainneacha an eolais a bhrú amach le go mbainfimis dul chun cinn sóisialta, teicneolaíochta agus comhshaoil amach.

Níl amhras ar bith orm go leanfaidh an IRC, agus treoir á tabhairt dó ag an bplean straitéiseach seo, d'obair fhíorthábhachtach a dhéanamh ar mhaithe leis an tírdhreach taighde agus nuálaíochta sna cúig bliana atá amach romhainn.

Molaim go mór fíis na ndaoine siúd a chuir le forbairt an phlean straitéisigh. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an IRC agus leis an bpobal taighde agus nuálaíochta in Éirinn i gcoitinne chun spriocanna an phlean uailmhianaigh seo a fhíorú.

John Halligan TD

An tAire Stáit d'Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt

**Tá treoirphlean don
chéad chéim forbartha
eile leagtha amach sa
phlean straitéiseach
seo, agus díritear sa
phlean freisin ar an ról
ar leith atá ag an IRC
in éiceachóras taighde
agus nuálaíochta in
Éireann.**

Ón gCathaoirleach



Thar ceann na Comhairle um Thaighde in Éirinn, is mór agam an plean straitéiseach seo don tréimhse 2020-2024 a chur i láthair.

Cuirfidh an plean seo leis an méid thar a bheith suntasach atá déanta ag an IRC ar mhaithe leis an tírdhreach taighde agus nuálaíochta ó cuireadh ar bun é. Sonraítear sa phlean conas a neartóidh an IRC a ról uathúil mar mhaoinitheoir náisiúnta taighde den scoth i ngach disciplín agus, san am céanna, cuirtear fócas straitéiseach feabhsaithe ar fáil ann maidir leis an gcaoi a rachaidh an IRC i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a thiocfaidh aníos sna blianta atá amach romhainn.

Tá ár dtír tar éis tréimhse an-dúshlánach maidir leis an ngeilleagar a chur taobh thiar di agus, bunaithe ar thionscnaimh a chuimsíonn *Tionscadal Éireann 2040*, tá an chéad chéim eile den fhorbairt náisiúnta á leagan amach againn faoi láthair. Is ann fós do dhúshláin mhóra náisiúnta, agus, dar ndóigh, táimid páirteach i bpobal domhanda ar gá dó, i gcomhpháirt le chéile, bealaí a cheapadh le dul i ngleic le dúshláin shuntasacha an lae inniu agus iad a réiteach. Áirítear leo sin an t-athrú aeráide, cailleanas na bithéagsúlachta agus dul chun cinn tapa na teicneolaíochta.

Ionas go mbeidh Éire réidh le deiseanna a thapú agus déileáil leis na dúshláin atá romhainn sa domhan iomaíoch seo, teastóidh infheistíocht athnuaite in eolas nua, i scileanna agus i ndaoine tréitheacha i ngach disciplín. Anuas air sin, tá tuilleadh neamhchinnteachta agus athraithe romhainn, maidir leis an mBreatimeacht thar aon ní eile. Má dhéanaimid infheistíocht anois le haghaidh na mblianta atá le teacht, cuirfidh sé sin go mór le haidhm shonraithe na hÉireann a bheith ina ceannaire nuálaíochta, agus, chomh maith leis sin, cuirfear ar chumas ár gcórais oideachais cuspóirí an chláir scileanna agus saineolais i gcoitinne a bhaint amach.

Tá treoirphlean don chéad chéim forbartha eile leagtha amach sa phlean straitéiseach seo, agus dírithe sa phlean freisin ar an ról ar leith atá ag an IRC in éiceachóras taighde agus nuálaíochta in Éireann. Aithnítear sa phlean an dá oll-láidreacht atá ag an IRC, láidreachtaí nach foláir a chothú, mar atá: tacú le réimse éagsúil taighdeoirí den scoth i ngach disciplín agus ag gach céim dá ngairmréimeanna, agus san am céanna, réimse páirtithe leasmhara atá chomh héagsúil céanna – lena n-áirítear páirtithe leasmhara ón earnáil fiontair, ón tsochaí shibhialta agus ón Stát – a chumasú chun go mbunóidh siad cainéil fhiúntacha le haghaidh comhoibrithe agus malartú eolais.

Is sprioc straitéiseach lárnach den phlean seo é leas a bhaint as scileanna, saineolas agus tallann taighdeoirí den scoth le go mbeadh a oiread tairbhe agus is féidir ann don earnáil fiontair agus don tsochaí, agus is sprioc straitéiseach lárnach eile é tionchair éagsúla an leasa sin a chur in iúl. Ceann de na bunluachanna atá leagtha amach sa straitéis seo is ea cur chuige atá bunaithe ar thaighdeoirí. Léireofar an bunluach sin i sraith beart atá ceaptha chun a chinntiú go soláthróidh an IRC ardleibhéal seirbhíse go leanúnach don phobal agus do pháirtithe leasmhara. Mar fhocal scoir, is é a bheidh mar bhonn ag gach rud a dhéanaimid sna blianta atá romhainn ná tiomantas láidir don chomhoibriú agus don chomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, dar ndóigh, ár máthair-roinn (An Roinn Oideachais agus Scileanna), an tÚdarás um Ard-Oideachas, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus maoinitheoirí taighde eile nach iad.

Tá an Chomhairle agus an fhoireann feidhmiúcháin ag súil go mór le torthaí an phlean straitéisigh seo a bhaint amach i gcaitheamh na mblianta atá romhainn amach.

An tOllamh Jane Ohlmeyer

Cathaoirleach na Comhairle um Thaighde in Éirinn


Réamhrá

Tá an Chomhairle um Thaighde in Éirinn ina gné lárnach den éiceachóras taighde agus nuálaíochta le beagnach fiche bliain anuas. Mar a léiríonn na slata tomhais maidir le phríomhéachtaí an IRC thíos, is mór an cion atá déanta acu maidir le pobal taighde fuinniúil a chur ar bun in Éirinn. Anuas ar bhunluach an fheabhais, tá éiteas ar leith ina bhonn le sraith gníomhaíochtaí IRC. Is é an focal is fearr a chuireann síos ar an éiteas sin ná *oscailteacht* – a chuimsíonn roinnt mhaith paraiméadar – chun go mbainfidh an tsochaí an leas is mó is féidir amach. Léirítear an méid sin sa chaoi a dtacaíonn an IRC le smaointe den scoth atá fréamhaithe in aon disciplín, rud a chruthaíonn conair i dtreo tuiscintí agus nuálaíochtaí úra. Léirítear an t-éiteas seo freisin ar an mbealach a chuir an IRC ar chumas eagraíochtaí agus geallsealbhóirí, ó na heagraíochtaí sochaí sibhialta is lú go corparáidí atá chun tosaigh ar fud an domhain, leas a bhaint as scileanna, buanna agus smaointe taighdeoirí aonair agus cur leo.

Tá sé follasach ón gcomhairliúchán a rinneadh mar chuid d'fhorbairt na straitéise seo go bhféachtar ar ról an IRC agus ar a n-éiteas tacaíochta mar ghnéithe ríthábhachta sa tírdhreach taighde. Cuireann siad forbairt chothrom an chórais chun cinn agus éascaíonn siad 'nascacht' láidir idir an pobal taighde agus réimse éagsúil páirtithe leasmhara eacnamaíocha, sóisialta agus sochaí.

Léirítear an t-éiteas seo freisin ar an mbealach a chuir an IRC ar chumas eagraíochtaí agus geallsealbhóirí, ó na heagraíochtaí sochaí sibhialta is lú go corparáidí atá chun tosaigh ar fud an domhain, leas a bhaint as scileanna, buanna agus smaointe taighdeoirí aonair agus cur leo.




RÓL AR LEITH NA COMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN



Infheistíonn an **IRC** i **smaointe ceannródaíocha**, feadh an speictrim idir taighde bunúsach agus feidhmeach thar **gach disciplín** a mbeidh tionchar **eolais, sochaíoch** agus/nó **fiontar** air.



Is i **dtaighdeoirí aonair den scoth** ag **gach céim dá ngairmréimeanna** a dhéanann an IRC infheistíocht, agus, ag an am céanna, cothaíonn sí **neamhspleáchas taighde** agus **deiseanna chun obair i gcomhar** le réimse leathan **geallsealbhóirí**.



Bíonn meastóireacht ar siúl ag an IRC ar bhonn **barr feabhais** i ndáil leis an **taighdeoir**, an **smaoineamh** agus an **dearadh tionscadail amháin**, agus é sin bunaithe ar phiarmheasúnú idirnáisiúnta.

Ag cur leis na héachtaí atá bainte amach againn go dtí seo

I bhfianaise straitéisí an rialtais maidir le taighde, nuálaíocht agus scileanna don todhchaí, na ndúshlán sochaí atá romhainn ar na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus i bhfianaise uaimhianta ár n-earnála ardoideachais, aithnítear sa straitéis seo deiseanna suntasacha chun tionchar agus freastal an taighde a dtacaíonn IRC leis a fheabhsú tuilleadh, agus chun ardleibhéal seirbhíse a sholáthar go leanúnach d'úsáideoirí agus do pháirtithe leasmhara. Agus é sin á dhéanamh againn, cuirimid leis na héachtaí iontacha atá bainte amach againn go dtí seo.



Go dtí seo...

Tá feabhas curtha againn ar mhalartú eolais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, rud a bhí chun tairbhe an fhiontair agus an gheilleagair agus a sholáthair seirbhís luachmhar don tsochaí sibhialta, don tsochaí i gcoitinne agus don lucht ceaptha beartas.

Agus mar thoradh air sin...

Bhronn an IRC gradaim thaighde i gcomhar le

426

comhpháirtí fiontair/
fostóra éagsúil

20

roinn agus
gníomhaireacht rialtais

128

grúpa sochaí sibhialta



Go dtí seo...

Tá maoiniú curtha ar fáil againn i gcomhair taighde fionnachtana nuálach, nó taighde beag beann ar theorainneacha, i ngach disciplín don tréimhse ar fad den ghairmréim, tríd an scéim Laureate an uair is déanaí.

Agus mar thoradh air sin...

Tá maoiniú curtha ar fáil do

100

disciplín ar a laghad

Go dtí seo...

Tá píblíne chriticiúil taighdeoirí ardoilte cothaithe againn chun leasa eolaíocht an lae inniu agus na todhchaí, tionscadail spéise poiblí, an fhiontair agus na sochaí.

Agus mar thoradh air sin...

Bronnadh

8,837

gradam
taighde
aonair



Go dtí seo...

Neartaíomar naisc agus soghluaisteacht idir an taighde agus an cleachtas, bunaithe ar scéimeanna comhpháirtíochta fiontair.

Agus mar thoradh air sin...

Bronnadh

904

gradam i gcomhar leis an earnáil fiontair/fostóirí go dtí seo



Go dtí seo...

Tá roinnt mhaith comhpháirtíochtaí agus comhchlár curtha ar bun againn le gníomhaireachtaí taighde idirnáisiúnta ar thús cadhnaíochta, agus bhí níos mó deiseanna ar fáil do thaighdeoirí na hÉireann mar thoradh air sin.

Agus mar thoradh air sin...

Tá sé chomhpháirtíocht i bhfeidhm atá lonnaithe san Eoraip, agus tá sé thionscnamh nua idirnáisiúnta eile ar na bacáin



Go dtí seo...

Tá áit bainte amach againn ar thosach an tslua mar urlabhraí idirnáisiúnta ar son cothromaíocht inscne i measc taighdeoirí, ar son measúnú taighde, agus ar son an inscne a chomhcheangal san ábhar taighde.

Agus mar thoradh air sin...

Cothromaíocht inscne i measc chohórt iomlán na ngradam beo:

50.2% fireann
49.8% baineann*

* Baineann na figiúirí sin leis na clár uile le chéile. Tá éagsúlachtaí an-soiléir ann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus tá siadsan níos follasaí de réir mar a leanann an ghairmréim ar aghaidh.



Go dtí seo...

Chuireamar ar chumas an-chuid taighdeoirí tréitheacha teacht go hÉirinn.

Agus mar thoradh air sin...

Ní náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad

40%

de na taighdeoirí reatha ar bronnadh gradam orthu



Go dtí seo...

A bhuíochas lenár alumni, fuarthas cistiú suntasach ón Eoraip, gradaim, duaiseanna, agus bhí rath ar chomhar taighde idirnáisiúnta. Dá bharr sin, cuireadh feabhas ar cháil na hÉireann sa réimse taighde agus nuálaíochta idirnáisiúnta.

Agus mar thoradh air sin...

Is alumni nó meantóirí de chuid IRC iad

65%

de na taighdeoirí in Éirinn ar bronnadh gradaim ERC orthu faoi Fís 2020 go dtí seo

Forbairt an phlean straitéisigh seo

Tosaíodh ag obair ar an bplean straitéiseach in 2018, agus é sin á mhaoirsiú ag meitheal oibre ar a raibh comhaltaí agus baill foirne feidhmiúcháin na Comhairle. Cheap IRC an chuideachta Polwarth Consulting chun cabhrú leis an bhfoireann feidhmiúcháin aiseolas agus dearthaí faoi ról agus feidhmíocht an IRC a bhailiú, agus faoi na príomhdhúshláin agus deiseanna atá roimh an éiceachóras taighde. Áiríodh sa chéad céim den obair

- (a) agallaimh struchtúrtha le réimse leathan páirtithe leasmhara san earnáil taighde agus nuálaíochta, agus
- (b) anailís ar aiseolas suirbhé mionsonraithe a bailíodh ón bpobal taighde, i ngach dísciplín agus ag gach céim gairmréime.

Sa dara céim den obair, thug meitheal oibre na straitéise faoi sheisiúin athbhreithnithe agus phlé ar thorthaí an chéad bhabhta comhairliúcháin agus rinne siad dúshláin agus deiseanna tábhachtacha a shainiú, dúshláin agus deiseanna ar chóir aghaidh a thabhairt orthu sa straitéis. Ag an am céanna, rinne Polwarth Consulting athbhreithniú idirnáisiúnta ar straitéisí maoinitheoirí taighde i dtíortha eile a bhfuil mísean acu atá cosúil le mísean an IRC.

Sa tríú céim den phróiseas, cuireadh tuilleadh feola ar an dréachtphlean, bunaithe ar an obair i gcéim 2. Tar éis don Chomhairle ionchur a dhéanamh, mar aon le tuilleadh comhairliúcháin agus plé lenár máthair-Roinn agus leis an Údarás um Ard-Oideachas, tugadh faoi phróiseas atriallach forbartha agus feabhsaithe. Is as an bpróiseas sin ar tháinig struchtúr deiridh an phlean straitéisigh chun cinn. Lena hais sin, dréachtaíodh plean feidhmiúcháin, a fhoilseofar ar líne. Mar thacaíocht don phróiseas críochnaithe, eagraíodh seisiúin eolais le príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an gcreatlach achomair agus leis na cumasóirí bunriachtanacha a theastaíonn chun tacú go n-éireoidh le cur i bhfeidhm an phlean.

Aithnítear sa straitéis seo deiseanna suntasacha chun tionchar agus freastal an taighde a dtacaíonn IRC leis a fheabhsú tuilleadh.

Ár sainordú, ár bhfís, ár misean agus ár luachanna

Bunaíodh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn in 2012. Ba chónascadh é idir Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET), a bunaíodh in 2000, agus an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS), a bunaíodh in 2002.

Is gníomhaireacht ghaolmhar de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é an IRC, agus tá sí faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA), agus tá an sainordú seo a leanas aige:

- ▶ **Taighde den scoth i ngach disciplín agus idir gach disciplín a chistiú, agus, ar an mbealach sin, cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar lárionad taighde agus foghlama a fheabhsú**

- ▶ **Tacú le forbairt oideachais agus scileanna taighdeoirí aonair den scoth atá ag luathchéim a ngairmréimeanna, agus taighdeoirí agus smaointeoirí gasta neamhspleácha a chothú, agus san am céanna, réimse deiseanna a thairiscint a thacóidh le conairí gairmréime éagsúla**

- ▶ **A bhfuil ann de shaineolas agus d'oilteacht a shuibhriú d'fhonn freastal ar riachtanais na hÉireann sa lá atá inniu ann agus amach anseo, is cuma an riachtanais shóisialta, chultúrtha nó eacnamaíocha atá i gceist; agus comhoibriú agus malartú eolais a chumasú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, chomh maith leis an earnáil fiontair agus an tsochaí shibhialta, chun gníomhú chun leasa na saoránach**

- ▶ **Comhairle a chur ar an HEA agus ar chomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile i dtaca le beartais a bhaineann leis an oideachas iarchéime agus le ceisteanna taighde níos ginearálta. Nuair a thug siad an ról seo dúinn, d'iarr an Rialtas orainn aird ar leith a dhíriú ar an réimse Ealaíon, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta.**

Cuireann sainordú agus ról ar leith an IRC go mór le luach an tírdhreacha taighde agus nuálaíochta in Éirinn. Cuirimid cistiú ar fáil do thaighdeoirí aonair den scoth i ngach ceann de na réimsí tosaíochta taighde náisiúnta, ach freisin sna disciplíní iomadúla san éiceachóras atá lasmuigh de na réimsí tosaíochta sin. Áirítear ar na disciplíní iomadúla sin formhór an taighde sa réimse Ealaíon, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta (AHSS), ach i neart réimsí sa chatagóir Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) freisin. Ar an mbealach sin, is prómhóil atá ag an IRC ó thaobh cothromaíocht in éiceachóras an taighde a chumasú agus an tírdhreach taighde a fhorbairt ar bhonn leathan.

Bíonn an IRC ag obair go rímhaith le heagraíochtaí idir bheag agus mhór. Toisc go mbíonn sí solúbtha lena gcuid comhpháirtíochtaí, tá sé ar a cumas cur le timpeallacht bhisiúil a chruthú inar féidir freagairt do dheiseanna agus dul i ngleic le dúshláin.

Tá an IRC tar éis cur chuige freagrúil gasta a ghlacadh i leith forbairt clár, rud a chinntíonn go laghdaítear aon bhaic ar rannpháirtíocht i gcomhpháirtíocht agus go mbaintear aon riosca amach ón bpróiseas forbartha acmhainneachta taighde agus nuálaíochta. Mar shampla, tá an-chuid gnóthas beag agus meánmhéide, a d'fhéadfadh nár chomhlíon siad na critéir i gcomhair tacaíocht forbartha fiontair ag tráth ar leith, tar éis leas a bhaint as cláir chomhpháirtíochta fiontair an IRC chun an nuálaíocht a spreagadh. Ar an mbealach céanna, tá an IRC tar éis deiseanna a sholáthar le blianta beaga anuas chun go bhfásfadh naisc idir taighdeoirí agus an tsochaí shibhialta, mar go n-aithníonn sí ról suntasach na hearnála sin in Éirinn agus an fonn atá ann cleachtas fianaisebhunaithe a fhorbairt. Dírionn an IRC aird ar smaointe thar cionn i ngach disciplín, agus is minic gurb é sin an bhunchloch ar a bhforbrófar tionscadail ar scála níos mó. Is iondúil go mbíonn cistiú nua ó ghníomhaireachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta i gceist leis na tionscadail sin.

Beidh *Plean Straitéiseach an IRC 2020-2024* mar bhonn agus mar thaca ag cur i bhfeidhm leanúnach ár sainordaithe laistigh de chóras ardoideachais agus taighde na hÉireann. Is é aidhm an phlean sin ról ar leith an IRC a neartú chun tacú le gach disciplín laistigh den tírdhreach cistithe taighde in Éirinn agus leis an tsraith clár atá ina mbonn leis an ról sin. Anuas air sin, mínítear sa phlean conas a dhéanfaidh an IRC a oiread oibre agus is féidir ar mhaithe le dul chun cinn agus uaimhianta náisiúnta sna blianta atá amach romhainn.

Ár bhfís

Is é ár bhfís ná go mbeadh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn ina heagraíocht nasctha shofhreacha a dhéanfaidh infheistíocht i ndaoine, scileanna agus smaointe i ngach disciplín, agus a fhíoróidh féidearthachtaí nua don todhchaí in Éirinn agus níos faide i gcéin.

Ár misean

Is é ár misean ná tacú leis an mbarr feabhais maidir le taighdeoirí cumasacha, saineolas agus rannpháirtíocht, agus chuige sin:

- ▶ Taighde fionnachtanach agus fiontair den scoth a chistiú i ngach disciplín agus tairbhí na hinfheistíochta sin d'Éirinn a chur in iúl

- ▶ Tacú le taighdeoirí aonair den scoth agus lena bhforbairt

- ▶ Freagairt do dhúshláin taighde agus sochaí atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, agus cabhrú go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara agus iad ag iarraidh dul i ngleic le fadhbanna casta

- ▶ Cion dearfach a dhéanamh ar mhaithe le nuálaíocht, leasú agus deachleachtas in éiceachóras ardoideachais agus taighde na hÉireann

- ▶ Cur chuige leanúnach neamhchlaonta trédhearcach a léiriú i leith bronnadh cistithe, agus é sin curtha ar fáil de réir ardchaighdeán seirbhíse

- ▶ Féachaint go gníomhach le hobair i gcomhar le daoine eile, in Éirinn agus thar lear, chun an t-éiceachóras taighde a fheabhsú

- ▶ Tacaíocht le haghaidh taighde fionnachtana a spreagadh i measc an phobail, an phobail taighde agus páirtithe leasmhara eile.

Ár luachanna

Agus a sainordú á chomhlíonadh aici, is bunluach na Comhairle um Thaighde in Éirinn é barr **feabhais sa taighde**: i ngach disciplín, agus é deimhnithe ar bhonn piarmheasúnú neamhspleách, ar bhealach oscailte oibiachtúil trédhearcach iontaofa. Anuas air sin, cloímid leis na luachanna seo a leanas:

- ▶ **Neamhspleáchas** – táimid féinrialaitheach agus neamhspleách inár gcinnteoireacht maidir le cistiú, agus, san am céanna, oibrímid laistigh de chreat beartais an Rialtais

- ▶ **Ceannaireacht** – cuirimid go réamhghníomhach le feabhsú an bhoinn fianaise don cheapadh beartais san éiceachóras ardoideachais agus taighde, agus in obair an Rialtais i gcoitinne

- ▶ **Dírthe ar an taighdeoir** – is iad ár dtaighdeoirí cumasacha atá i gcroílár gach a ndéanaimid agus geallaimid go dtacóimid leo barr a gcumais a bhaint amach

- ▶ **Comhpháirtíocht** – aithnímid gurb é an chaoi is fearr le tairbhe a bhaint as an taighde chun leasa na hÉireann ná comhpháirtíochtaí a bheith ann le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, le gníomhaireachtaí rialtais, leis an earnáil fiontair, an tsochaí shibhialta agus le hinstiúidí cultúrtha

- ▶ **Gairmiúlacht** – táimid tiomanta do na caighdeáin is airde ar fad inár gcleachtais agus inár mbeartais, agus do spiorad oscailteachta, agus é sin léirithe ag athbhreithniú agus measúnú rialta inmheánach agus seachtrach araon.

Spríocanna straitéiseacha agus príomhbhearta, 2020-2024

Chun go mbeifear ábalta an sainordú, an fhís agus an misean a bhaint amach, tá cúig phríomhspríoc sa *Phlean Straitéiseach 2020-2024*, mar aon leis na bearta bainteacha, a léiríonn ár mbunluachanna:

- 1. Barr feabhais ó thaobh daoine, scileanna agus smaointe i ngach disciplín a chumasú chun críche taighde fionnachtana agus fiontair.**
- 2. A bheith inár rogha comhpháirtí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i ndáil le tacú le taighde den scoth a théann i ngleic le dúshláin an lae atá inniu ann.**
- 3. Luach an taighde a dtacaímid leis a léiriú, agus a chinntiú san am céanna go gcomhroinnfí agus go malartófaí, a oiread agus is féidir, an saineolas agus na nuálaíochtaí a ghinimid.**
- 4. Cion inbhraite a dhéanamh ar mhaithe le nuálaíocht, meastóireacht agus leasú san éiceachóras ardoideachais agus taighde.**
- 5. Barr feabhais a bhaint amach agus a chothú, agus acmhainneacht an IRC mar eagraíocht a threisiú a oiread agus is féidir.**

Is é an chéad spríoc ná tiomantas leanúnach a bheith ann, a spreagfaidh agus a shonróidh an chaoi a n-oibríonn an IRC chun tallann, saineolas agus scileanna taighde a chothú in Éirinn i gcomhpháirt le hinstiúidí ardoideachais agus taighde, an earnáil fiontair, an tsochaí shibhialta agus an Rialtas. Bhí na spríocanna eile i gcónaí ina saintréithe d'obair an IRC, ach díreann go sonrath orthu sa phlean seo. Ceapadh iad chun tuilleadh nasc a chruthú idir an taighde agus an tsochaí, chun fairsinge na dtorthaí a eascraíonn as an infheistíocht a dhéanaimid thar ceann an cháiniócóra a chur faoi bhráid an tsaoil, agus chun an bonn fianaise a fheabhsú chun críche ceapadh beartas agus leasú. Aithnítear leis an spríoc dheireanach an gá le hacmhainneacht bhreise a fhorbairt laistigh den IRC féin chun ár misean a chomhlíonadh agus chun leanúint go seasta d'ardchaighdeáin seirbhíse a sholáthar don phobal taighde agus do pháirtithe leasmhara.

Tá na spríocanna straitéiseacha sin agus a bpríomhbhearta bainteacha leagtha amach níos mionsonraithe sna leathanaigh seo a leanas.

Spríoc straitéiseach 1

Barr feabhais ó thaobh daoine, scileanna agus smaointe i ngach disciplín a chumasú chun críche taighde fionnachtana agus fiontair.

Leanfaidh an IRC de chúnaimh suntasach a thabhairt maidir le riachtanais na hÉireann i dtaca le hoideachas, taighde agus scileanna. Chun amhlaidh a bhaint amach, forbróimid píblíne taighdeoirí den scoth atá gníomhach i ngach disciplín agus atá ag céimeanna gairmréime éagsúla.



Taighdeoirí den chéad scoth a mhealladh chun na hÉireann

Patricia Palmer, Ollscoil Mhá Nuad

Cuireann na gradaim Laureate IRC go mór lenár gcumas taighdeoirí den chéad scoth, in aon disciplín, a mhealladh chun na hÉireann. Tháinig an tOllamh Patricia Palmer ar ais ón Ríocht Aontaithe le déanaí (ó King's College London agus University of York roimhe sin) chun post a ghlacadh in Ollscoil Mhá Nuad agus chun cur isteach ar dheiseanna cistithe i gcomhair taighde nua beag beann ar theorainneacha. In 2019, bronnadh an gradam Advanced Laureate mór le rá uirthi le haghaidh tionscadal daonnachtaí tábhachtach a raibh de chuspóir aige an réimse iomlán gníomhaíochta cultúrtha in Éirinn sa Nua-aois Luath, gach teanga agus grúpa eitneach san áireamh, a leagan amach go mionsonraithe.

PRÍOMHBHEARTA

- 1.1 Ról an IRC a neartú, is é sin taighde fionnachtana den scoth a chumasú i ngach disciplín agus ag gach céim gairmréime.
- 1.2 Na gradaim Laureate a chuimsiú go daingean i dtimthriall bliantúil maoinithe an IRC chun dea-theist Éireann maidir le taighde den chéad scoth a fheabhsú.
- 1.3 Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar bhainistiú ár gclár, a mbeidh sé de chuspóir aige na sineirgí agus na deiseanna atá ann chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí a fheabhsú.
- 1.4 Na cleachtais is fearr atá ag teacht chun cinn ó thaobh piarmheasúnú neamhspleách de a dhaingniú san athbhreithniú a dhéantar ar gach iarratas ar chistiú agus i ngach disciplín.
- 1.5 Leanúint de thaighdeoirí a fhorbairt, a bhfuil na scileanna agus na buanna acu a theastaíonn san earnáil fiontair agus ó fhostóirí, agus cláir fiontair a fhorbairt tuilleadh de réir an éilimh atá orthu.
- 1.6 Na caighdeáin eiticíúla agus rialachais is airde a chur chun cinn i gcás na n-infheistíochtaí a dhéanaimid ionas go léirítear an deachleachtas i bpríomhréimsí, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht fhreagrach, luach saothair a íoc le taighdeoirí atá ag luathchéim dá ngairmréimeanna, agus taighde oscailte.
- 1.7 Cur le dea-theist den scoth an IRC maidir le comhionannas inscne a bhrú chun tosaigh, chomh maith leis an ngné inscne a chomhcheangal sa taighde, de réir an deachleachtais idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn.
- 1.8 Obair i gcomhpháirt le maoinitheoirí taighde agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a chuirfidh an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú chun tosaigh sa phobal taighde.
- 1.9 Tairbhe a bhaint as cláir agus deiseanna soghluaisteachta san Eoraip agus go hidirnáisiúnta d'fhonn idirnáisiúnta na dtaighdeoirí siúd atá ag luathchéim dá ngairmréimeanna a spreagadh i ngach disciplín.

1

LÉARGAS



Gradaim aonair ón luathchéim gairmréime a raibh rath ERC mar thoradh orthu

Maria McNamara, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Bronnadh ERC Starting Grant air in 2015

(an colún Eolaíochtaí Fisiceacha agus Innealtóireachta).

Ar an tacaíocht luathchéim gairmréime ón IRC, bhí comhaltacht iardhochtúireachta (2006) agus INSPIRE MSCA International Fellowship (2009).

Larisa Florea, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Bronnadh ERC Starting Grant air in 2018

(an colún Eolaíochtaí na Beatha).

Ar an tacaíocht luathchéim gairmréime ón IRC, bhí scoláireacht iarchéime (2009) arna hóstáil ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Barry Molloy, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Bronnadh ERC Consolidator Grant air in 2017

(an colún Eolaíochtaí Sóisialta agus Daonnachtaí).

Ar an tacaíocht luathchéim gairmréime ón IRC, bhí scoláireacht iarchéime (2001) agus comhaltacht iardhochtúireachta (2007).



Spríoc straitéiseach 2

A bheith inár rogha comhpháirtí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i ndáil le tacú le taighde den scoth a théann i ngleic le dúshláin an lae atá inniu ann.

Beidh an IRC i gcoillár éiceachórais fhuinniúil idirdhisciplínigh a tharraingeoidh aird comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus a chumasóidh forbairt beartas, cleachtas agus cinnteoireacht a bheidh bunaithe ar thaighde. Mar thoradh ar an méid thuas, cruthóimid tuilleadh comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara san Eoraip agus go hidirnáisiúnta chun rannpháirtíocht thaighdeoirí na hÉireann a chur chun tosaigh ar fud an domhain.




Tallann agus smaointe a fhorbairt chun críche comhar agus ceannaireacht idirnáisiúnta

Má dhéanaimid infheistíocht i dtaighdeoirí agus smaointe den scoth anseo in Éirinn, is mó an deis a bheidh againn a bheith páirteach i gcomhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta ar mhórsála, agus go deimhin, a bheith i gceannas orthu.

Tá alumni de chuid an IRC in ionad TSSG Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT) páirteach in dhá chomhpháirtíocht taighde Eorpacha ar mhórsála ar cuireadh tús leo in Eanáir 2019. Tá an Dr Michael Barros ag obair ar an tionscadal €6m GLADIATOR, a bhfuil d'aidhm aige dul i ngleic le ceann de na cineálacha is ionsaithí ailse in chinne ach leas a bhaint as mion-ionphlanduithe. Tá an Dr Steven Davy ag obair ar CYBELE, tionscadal €14m de chuid Fís 2020 atá scaipthe amach i 14 thír agus atá á chomhordú ag WIT-TSSG. Tá an tionscadal sin ag díriú ar úsáid TFC le haghaidh talmháocht chliste, agus go háirithe úsáid sár-ríomhairí chun ollmhéideanna sonraí a phróiseáil go han-tapa, rud a d'fhéadfadh a bheith cabhrach maidir le cleachtais feirmeoireachta sa todhchaí a fheabhsú.

PRÍOMHBHEARTA

- 2.1 Comhpháirtíochtaí le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais atá ag iarraidh taighde a chothú le haghaidh ceapadh beartas a leathnú, agus an phíblíne tallainne taighde i bpríomhréimsí ina bhfuil riachtanas ó thaobh beartais de a fheabhsú.
- 2.2 An IRC a fhorbairt mar chrann taca an taighde náisiúnta i gcomhair Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe.
- 2.3 A bheith i gceannas ar fhorbairt chóras taighde na hÉireann mar eiseamláir idirnáisiúnta den chomhoibriú idirdhisciplíneach agus idirearnálach.
- 2.4 Conairí nua a chruthú chun críche rannpháirtíochta sa taighde idirdhisciplíneach leis an earnáil fiontair agus le fostóirí d'fhonn a n-acmhainneacht chun déileáil le dúshlán chasta agus deiseanna nua a fheabhsú.
- 2.5 Deiseanna nua a aimsiú le haghaidh comhoibriú taighde idirnáisiúnta i ngach disciplín.
- 2.6 Tacaíocht spriocdhírthe a chur ar fáil maidir le ballraíocht na hÉireann i líonraí taighde agus bonneagair a dtacaíonn an tAontas Eorpach leo, agus a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as sin ar mhaithe le taighdeoirí in Éirinn.
- 2.7 Leas a bhaint as ballraíocht coistí clár agus as comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir leanúint de bheith páirteach i dtírdhreach taighde agus nuálaíochta na hEorpa, agus tionchar a imirt air.



Taighde den chéad scoth a mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar bheartais

Tá aon taighde a mhaoiníonn an IRC faoi chlár dár gcuid atá dírithe ar bheartais ceaptha chun tairbhí an tsaineolais agus na hoilteachta a thairiscint don lucht ceaptha beartas a bhíonn ag obair ar raon fairsing dúshlán sochaíoch.

Is samplaí iad seo a leanas de thionscadail sa réimse sin le déanaí.

Crystal Fulton, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Taighde maidir le cearrbhachas fadhbach

Bhronn an IRC deontas tionscadail taighde ar an Dr Fulton faoi shnáithe comhchistithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhronn UCD duais tionchair uirthi in 2018. In Aibreán 2019, chuaigh sí os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas chun torthaí an taighde a bhí idir lámha aici a phlé, mar aon le himpleachtaí an taighde sin ó thaobh beartais agus reachtaíochta a bhaineann le cearrbhachas fadhbach.

Sean Redmond, Ollscoil Luimnigh

Taighde ar bhailiú sonraí sa réimse ceartais i leith an aosa óig

Úsáidfidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais torthaí thionscadal an Dr Redmond, a cistíodh faoin gclár IRC, Research for Policy and Society (2016), chun tacú le hathruithe ar chleachtais bailithe sonraí ar fud an chórais cheartais i leith an aosa óig; is é an cuspóir atá leis sin ná fianaise níos fearr a sholáthar le go mbeifí in ann seirbhísí athstíúrtha óige níos éifeachtaí a cheapadh.

Spríoc straitéiseach 3

Luach an taighde a dtacaímid leis a léiriú, agus a chinntiú san am céanna go gcomhroinnfí agus go malartófaí, a oiread agus is féidir, an saineolas agus na nuálaíochtaí a ghinimid.

Leanfaidh an IRC de thaighde a mhaoiniú a bhfuil tionchar aige agus a bhfuil spríocanna uailmhianacha aige maidir le fionnachtain eolaíoch, cruthú saineolais agus forbairt fiontar. Cuirfimid luach na hoibre sin ar a shúile don lucht spéise atá tuillte aige, agus déanfaimid iarracht lena chinntiú gur féidir an t-eolas a chruthaítear dá bharr a úsáid chun leasa an gheilleagair, na sochaí agus an chultúir.



Comhpháirtíocht maidir le *Engaged Research for Societal Impact*

Is é misean Campus Engage, atá lonnaithe laistigh de Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA), tacaíocht a thabhairt don ardoideachas agus an tsochaí ionas go n-oibreodís i gcomhar le chéile. Is cuid lárnach dá obair é an tionscadal Engaged Research for Societal Impact, arna chistiú ag an IRC. Faoin gcomhpháirtíocht Campus Engage-IRC, tá an dara céim de dhá chéim oibre beagnach críochnaithe. Mar gheall air sin, beidh roinnt mhaith torthaí agus uirlisí a chabhróidh le hÉire a chur chun tosaigh go hidirnáisiúnta sa taighde pobalghníomhach. Seoladh tuarascáil thábhachtach in 2017 inar leagadh amach creat tionchair don taighde pobalghníomhach. Chun cur leis an obair thuas, tá Campus Engage tar éis cuid mhaith treoirleabhar a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara tábhachtacha. Tá an-chuid cás-staidéar bailithe maidir leis an deachleachtas sa taighde pobalghníomhach, agus réachtáladh sraith ceardlanna.

PRÍOMHBHEARTA

- 3.1 Creat tionchair leathan nua a bhunú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh taighdeoirí atá cistithe ag an IRC.
- 3.2 Eolas cáilíochtúil agus cainníochtúil a fhoilsiú agus a scaipeadh ar bhonn rialta maidir le tionchar na ngradam a dhéanaimid a chistiú i ngach disciplín.
- 3.3 Gairmréimeanna na dtaighdeoirí siúd ar thugamar cistiú dóibh ag luathchéim dá ngairmréimeanna a leanúint go gníomhach, ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar thairbhí fadtéarmacha an chistithe sin ó thaobh cabhrú le forbairt gairmréime.
- 3.4 Lónra alumni IRC a sheoladh chun caidrimh fhadtéarmacha leis na taighdeoirí atá cistithe againn a láidriú agus a chothú.
- 3.5 Rochtain oscailte ar thorthaí agus tacair sonraí arna gcistiú ag an IRC a chur chun cinn i ngach disciplín.
- 3.6 Tuiscint a mhéadú i measc páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne ar ról an taighde fionnachtana agus fiontair in Éirinn agus ar an tionchar atá tar éis a bheith ag an taighde sin ar an tír. Déanfaimid amhlaidh tríd an bhfeachtas #LoveIrishResearch agus freisin ar bhonn gníomhaíochtaí nua for-rochtana a fhorbairt.



Scileanna, tallann agus tionchar fiontraíoch a chruthú don earnáil tionscail agus d'fhostóirí

Tacaíonn cláir fiontair an IRC leis an bpíblíne tallainne le haghaidh phríomhearnálacha tionscail uile na hÉireann. I measc na gcuideachtaí ar comhpháirtithe iad atá ag glacadh páirt sna cláir, tá idir ilnáisiúntaigh amhail Intel, Pfizer agus Medtronic, agus FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta.

Sheol an Rialtas an chéad National Space Strategy for Enterprise i Meitheamh 2019. Tá an earnáil sin ar cheann de na hearnálacha a sholáthróidh deiseanna ollmhóra sna blianta atá amach romhainn do FBManna a bhíonn ag plé go mór le taighde agus nuálaíocht. Is comhpháirtithe reatha nó iarchomhpháirtithe i gcláir fiontair an IRC iad lear mór cuideachtaí a bhíonn ag plé leis an teicneolaíocht spáis, mar shampla Ubotica, Enbio, Techworks Marine, Parameter agus Eblana Photonics.

Tá alumni IRC tar éis tairbhe a bhaint freisin as an saineolas is úire chun a gcuid fiontar ar dchumais féin a bhunú. Is samplaí reatha de sin é ApisProtect, a bhunaigh an Dr Fiona Edwards Murphy, ar bronnadh gradam IRC uirthi tráth. Is cuideachta é a úsáideann teicneolaíocht Idirlíon na nEarraí chun faireachán a dhéanamh ar choilíneachtaí beach meala. Fuair an chuideachta caipiteal fiontair de €1.5m i Samhain 2018 agus cruthaíodh 25 post dá bharr. Is sampla eile é alumnus IRC, an Dr Martin O'Reilly, ar comhbhunaitheoir Output Sports é, atá tar éis teicneolaíocht inchaite a fhorbairt a chuirfidh ar chumas daoine, faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht spóirt. I Meitheamh 2019, bhunaigh an Dr O'Reilly an gradam do réigiún Bhaile Átha Cliath sa chomórtas Ireland's Best Young Entrepreneur (IBYE).

Spríoc straitéiseach 4

Cion inbhraite a dhéanamh ar mhaithe le nuálaíocht, meastóireacht agus leasú san éiceachóras ardoideachais agus taighde.

Tacóidh an IRC le measúnú, nuálaíocht, leasú agus ceapadh beartas san ardoideachas agus sa taighde. Agus an méid á dhéanamh againn, oibreimid i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus le hinstiúidí ardoideachais agus páirtithe leasmhara eile san éiceachóras taighde.



PRÍOMHBHEARTA

- 4.1 Éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt an bhoinn fianaise le haghaidh beartais ardoideachais agus taighde trí mheán chláir chistithe an IRC atá dírithe ar bheartas.
- 4.2 Tacú le forbairt beartas agus cleachtais maidir le 'taighde pobalghníomhach' in Éirinn.
- 4.3 Measúnú criticiúil a dhéanamh ar shláinte an éiceachórais taighde agus nuálaíochta, agus aird ar leith dírithe ar bhearnaí sa tacaíocht a shainaitheint, chomh maith le rioscaí atá ag teacht chun cinn.
- 4.4 Obair i gcomhar le maoinitheoirí náisiúnta eile chun aon acmhainneacht chomhordaithe atá ann ó thaobh próisis agus nósanna imeachta a aithint d'fhonn córas cistithe taighde na hÉireann a fheabhsú.
- 4.5 Comhar agus cainteanna a thionscnamh le ranna, gníomhaireachtaí agus coistí rialtais ábhartha ionas gur féidir tionchar dearfach a imirt ar an gcreat náisiúnta taighde um straitéisí agus beartais.



Tairbhe a bhaint as oilteacht agus saineolas chun ár gcóras oideachais a fheabhsú

Anuas ar eolas nua a chur le gach disciplín ar mhaithe leis an gcuraclam, is é atá á dhéanamh ag taighde a dtacaíonn IRC leis ná cabhrú le feabhas a chur ar an eispéireas a bheidh ag an acmhainn is tábhachtaí sa chóras: ár scoláirí. Is léiriú air sin iad na samplaí seo a leanas.

Pamela Gallagher, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Taighde ar rannpháirtíocht san ardoideachas a fheabhsú tríd an teicneolaíocht

Tá an staidéar DEPTH (Designing for Enhanced Participation through Technology in Higher Education) cistithe ag an IRC faoin gclár COALESCE (2018). Beidh cur chuige dírithe ar úsáideoirí ag teastáil chun prionsabail threoracha a fhorbairt le haghaidh campas ionchuimsitheach a thacaíonn leis an teicneolaíocht, agus chun na bearta riachtanacha a cheapadh leis na prionsabail sin a chur i ngníomh. Beidh tionchar ag na torthaí ar chleachtas ionchuimsitheach san ardoideachas, déanfaidh siad eolas do rochtain ar an ardoideachas, agus cuirfidh siad ionchuimsiú agus rannpháirtíocht níos fearr san oideachas chun cinn i measc scoláirí faoi mhíchumas agus gach duine.

Pádraig MacNeela, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Taighde ar 'smart consent'

Bronnadh deontas taighde ar an Dr MacNeela in 2015, arna chistiú ag FSS faoin scéim Research for Policy and Society de chuid an IRC; bhí a chuid oibre dírithe ar idirghabhálacha 'smart consent' le haghaidh daoine óga a mheas. Bhí an tionscadal Smart Consent ina chuid lárnach d'fhorbairt an chreata náisiúnta nua, an Creat Toilithe in Institiúidí Ardoideachais, a sheol an tAire Stáit um Ardoideachas, Mary Mitchell O' Connor TD, in Aibreán 2019.

Spríoc straitéiseach 5

Barr feabhais a bhaint amach agus a chothú, agus acmhainneacht an IRC mar eagraíocht a threisiú a oiread agus is féidir.

Cothóidh an IRC barr feabhais eagraíochta mar spríoc straitéiseach.

Déanfaimid ár n-acmhainneacht agus ár gcórais a bharrfheabhsú chun gur féidir linn an tseirbhís is fearr ar fad a chur ar fáil do thaighdeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile, agus lena chinntiú go n-éireoidh linn gach ceann de na spriocanna atá leagtha amach sa phlean straitéiseach seo a bhaint amach.



PRÍOMHBHEARTA

-
- 5.1** A oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as acmhainní foirne agus struchtúir ghaolmhara an IRC le go n-éireoidh linn an plean straitéiseach seo a chur i gcrích.
-
- 5.2** Saineolas agus scileanna nua a thabhairt don fhoireann chun gur féidir leo freagairt do riachtanais agus deiseanna atá ag teacht chun cinn.
-
- 5.3** Na meicníochtaí le haghaidh rannpháirtíocht in eagraíochtaí atá i mbun taighde a threisiú chun gur féidir bainistiú agus riar taighde a chur i bhfeidhm de réir an deachleachtais agus gach deis forbartha cláir a thapú.
-
- 5.4** Bunathrú chun feabhais na bpróiseas agus córas gnó san IRC a spreagadh.
-
- 5.5** Leanúint de na caighdeáin rialachais is airde ar fad a chinntiú maidir le hobair fhoireann feidhmiúcháin agus bhord an IRC.
-
- 5.6** Déileáil go gníomhach le Science Europe agus líonraí maoinitheora eile ionas go mbeifí in ann tairbhe a bhaint as an deachleachtas idirnáisiúnta do mhaoinitheoirí taighde.
-
- 5.7** A chinntiú go gcloíonn an IRC leis na caighdeáin is airde maidir leis an reachtaíocht cosanta sonraí náisiúnta agus Eorpach a chomhlíonadh.
-

An straitéis a fhíorú: cumasóirí bunriachtanacha

Beidh cur i bhfeidhm rathúil *Phlean Straitéiseach 2020-2024* ag brath go láidir ar shraith tosca cumasaithe níos leithne, mar atá, cistiú agus acmhainní, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn a chur ar bhonn reachtúil, agus an comhthéacs a bhaineann le creat náisiúnta nua taighde agus nuálaíochta.

Cistiú agus acmhainní

Mar thoradh ar chistiú nua, beidh an IRC in ann a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as buntáistí uile an phlean straitéisigh seo, agus cuirfear le cumas na hÉireann an úsáid is fearr a bhaint as na scileanna agus an tallann taighde atá ar fáil di. Cuireadh fáilte roimh mhéadú thart ar €9m ar leithdháileadh Roinne ar IRC ó 2017 i leith. Mar thoradh air sin, bunaíodh, *inter alia*, na gradaim Laureate cheannródaíochta le haghaidh taighde bunúsach oscailte ar thús cadhnaíochta. Ach beidh tuilleadh infheistíochta i bpríomhbhúisíad an IRC ag teastáil chun gairmeacha bliantúla a éascú, agus luadh é sin freisin in athbhreithniú meántréimhse *Nuálaíocht 2020*. Anuas air sin, beidh gá le cistiú méadaithe chun líon na dtaighdeoirí iarchéime atá ag teacht as Éirinn a mhéadú ionas go mbeidh tacaíocht ann d'fhorbairt leathan an chórais taighde agus nuálaíochta.

Cuireann an plan straitéiseach seo dúshlán roimh an IRC í féin a fhorbairt mar eagraíocht, ó thaobh na n-acmhainní foriomlána atá ar a dtail acu, ach freisin, ó thaobh an mheascáin scileanna agus saineolais atá ag a baill foirne. Cuirfidh an fás agus an t-athrú ar chumas an IRC tionchar iomlán an phlean straitéisigh seo a fhíorú ina hiomláine, lena n-áirítear an uaimhian uileghabhálach chun ardleibhéal seirbhíse a sholáthar go leanúnach don phobal taighde agus do pháirtithe leasmhara i gcoitinne. Sna blianta atá amach romhainn, beidh cláir an HEA um chlaochlú gnó agus um fhorbairt luach saothair ina bpróisis chumasaithe lárnacha don IRC.

Bonn reachtúil

Bunaíodh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn in 2012 faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Tugadh an reachtaíocht is bonn leis an Údarás isteach in 1972, ach cuirfear Acht HEA nua ina hionad go gairid. Is deis é an próiseas seo bonn reachtúil a thabhairt don IRC laistigh de HEA. Láidreoidh an t-athrú sin tiomantas fadtéarmach na hÉireann don taighde agus don nuálaíocht, agus leagfaidh sé béim ar a thábhachtaí is atá sé tacú le taighdeoirí aonair den scoth i ngach disciplín agus ag gach céim gairmréime. Lena hais sin, dá mbeadh bonn reachtúil ag an IRC laistigh den Acht HEA, d'aithneofaí ról ríthábhachtach an taighde ó thaobh tacaíochta a thabhairt do shláinte ár gcórais ardoideachais amach anseo.

An chéad straitéis náisiúnta eile don taighde agus nuálaíocht

Beidh an straitéis seo i bhfeidhm nuair a ghlacann Éire le creat straitéiseach nua taighde agus nuálaíochta, le bheith i bhfeidhm ag tús 2021. Déanfar an chéad straitéis náisiúnta eile a cheapadh i gcomhthéacs dúshláin agus deiseanna nua. Áirítear leo sin an tírdhreach taighde agus nuálaíochta tar éis an Bhreathimeachta agus seoladh Fhís Eorpach (2021-2027), an naoú creachtlár den Aontas Eorpach. Ag an leibhéal náisiúnta, beidh éiceachóras taighde á chothú ag an straitéis nua taighde agus nuálaíochta, éiceachóras a fhásfaidh de réir a chéile, agus beidh tuilleadh forbartha na hearnála ardoideachais teicneolaíochta san áireamh ann. Beidh an IRC ina ghné thábhachtach den bhonneagar le haghaidh na chéad straitéise eile i ndiaidh *Nuálaíocht 2020*, agus, mar thoradh ar ár straitéis nua, beidh deis ann chun tionchar an IRC a threisiú, ann féin ach i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile freisin.

Cur i bhfeidhm na straitéise

Tá plan feidhmiúcháin ar leith don straitéis seo foilsithe ag an IRC agus tá sé ar fáil ar ár láithreán gréasáin, www.research.ie.

Leagtar amach sa phlean feidhmiúcháin an chaoi a gcuirfear gach ceann de na 34 príomhbheart atá leagtha amach thuas i bhfeidhm, chomh maith leis na spriocamanna lena mbaineann. Beidh an plan straitéiseach ina bhonn leis an bplan oibre bliantúil a d'ullmhaigh foireann feidhmiúcháin an IRC.

Tuairisceoidh an fhoireann feidhmiúcháin dhá uair in aghaidh na bliana don Chomhairle faoi dhul chun cinn, agus réiteoidh sí tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Údarás um Ard-Oideachas.

Cuirfear measúnú meántréimhse seachtrach ar chur i ngníomh na straitéise i bhfeidhm, agus foilseoidh an IRC plan feidhmiúcháin 'athnuaite' le haghaidh an dara leath den tréimhse straitéise.

Cuirfidh an fás agus
an t-athrú ar chumas
an IRC tionchar iomlán
an phlean straitéisigh seo
a fhíorú ina hiomláine.

Grianghraif

Clúdach

Ag dul ar deiseal: An tOllamh Christine Casey, an Dr Vijaykumar V. Jadhav, an Dr Paul Hynds, an tOllamh Patricia Palmer, an tOllamh John Atkins, an Dr Tanya Ní Mhuirthile, Maeve Casserley, an tOllamh Michael Zaworotko, Mohamed El Amri, agus an Dr Sarah Guerin

Leathanach 3

John Halligan TD, Aire Stáit d'Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt

Leathanach 5

An tOllamh Jane Ohlmeyer, Cathaoirleach na Comhairle um Thaighde in Éirinn

Leathanach 7

Grianghraif a ghlac taighdeoirí a fuair cistiú ó IRC:

Chiara Mizzoni, *A group of FARC fighters watch a game of afternoon football at a demobilisation and transition camp in Icononzo, Colombia*

Sven Batke, *This bromeliad plant is in the same family as pineapples but instead grows on top of 60m tall tropical trees*

Ross Lundy, *Copper oxide nanoblades*

Maria Velasco, *The cerebellar network between neurons (red), astrocytes (yellow) and microglia (green) in a mouse organotypic slice culture*

Ross Lundy, *Deforest gold micro-mushrooms on copper meadow*

Sajad Alimohammadi, *Refractive index matched PIV applications: Velocity profiles for flow around an array of cylinders*

Taighdeoirí IRC na Bliana 2019:

An tOllamh Laoise McNamara

An Dr Jeremy J. Piggott le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn

An tOllamh David Farrell leis an Uachtarán Ó hUiginn

Leathanach 8

An Dr Martin O'Halloran

An Dr Ciarán Casey

Ó chlé: An tOllamh John Atkins, an tOllamh Christine Casey, agus an tOllamh Michael Zaworotko

Leathanach 9

Taighdeoirí a fuair cistiú ó IRC ag seoladh an Employment-Based Programme 2019

An tOllamh Judith Harford ag an siompóisiam 'Gender Equality in Higher Education: Ambitioning Change', Deireadh Fómhair 2018

Ó chlé: An tUasal Stéphane Couzat, Ambasadóir na Fraince le hÉirinn, agus an Dr Eavan O'Brien, Stiúrthóir Cúnta IRC, ag an seoladh Ulysses 2019

Seoladh Straitéis Idirnáisiúnta IRC, 2018

An tOllamh Maria Baghramian

Leathanach 17

An Dr Maria McNamara, an Dr Larisa Florea, agus an Dr Barry Molloy

Leathanach 18

Taighdeoirí a fuair cistiú ó IRC ag seoladh na Straitéise Idirnáisiúnta, 2018

Leathanach 20

Ó chlé: Niamh Kavanagh agus an Dr Adam Kelly

Leathanach 22

Ó chlé: An tOllamh Kieran Walsh agus an tOllamh Maura McAdam ag cruinniú GenderNET, Márta 2019

Leathanach 23

Beirt thoscairí ag an imeacht 'Bratislava Declaration of Young Researchers', Márta 2017

Leathanach 24

Foireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn agus intéirmigh iardhochtúireachta:

Ró deiridh, ó chlé: An Dr Aude Cincotta, Linda Rose, an Dr Deirdre Quinn, Kerry O'Leary, Mariana Reis, an Dr Suz Garrard, Robert Lindsay, an Dr Felicity Maxwell.

Ró tosaigh: An Dr Anne-Julie Lafaye, Rosemary Sweeney, an Dr Eavan O'Brien (Stiúrthóir Cúnta), Peter Brown (Stiúrthóir), an Dr Maria Morrissey, an Dr Chiara Loda, Gemma Duke. In easnamh ar an ngrianghráf: Liz-Anne Worrall (Stiúrthóir Cúnta), an Dr Jennifer Cassidy, Leanne Doyle. Líon ball foirne buan: 11.

Is iad Marc O'Sullivan Photography agus Fennell Photography a ghlac formhór na ngrianghráf don Chomhairle um Thaighde in Éirinn.



An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
3 Áras Síol mBrain
Ascaill Crampton
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath D04 C2Y6
Éire

Irish Research Council
3 Shelbourne Buildings
Crampton Avenue
Ballsbridge
Dublin D04 C2Y6
Ireland

www.research.ie

 [@irishresearch](https://twitter.com/irishresearch)

 info@research.ie